AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.7.2025
COM(2025) 443 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Tuarascáil Bhliantúil maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh 2021 - 2022

CLÁR

Réamhrá 2
Iarratais a fuarthas in 2021 agus 2022 3
- *In 2021* 3
- *In 2022* 7

Maoiniú 8
Dúntáin 10
- *Dúntáin 2021* 10
- *Dúntáin 2022* 11

Conclúidí 11

RÉAMHRÁ

Leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh[1] (‘an Rialachán’) nach mór don Choimisiún tuarascáil ar ghníomhaíocht an Chiste sa bhliain roimhe sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Tugtar tuairisc sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (‘CDAE’) in 2021 agus 2022. Déantar achoimre ann freisin ar na hiarratais a fuarthas in 2021 agus 2022, agus ar na cásanna a dúnadh le linn na tréimhse tuairiscithe. Rinne an Coimisiún measúnú ar na hiarratais uile de réir na gcritéar a leagtar síos sa Rialachán.

In **2021**, fuair an Coimisiún **10 n-iarratas nua** ar ranníocaíochtaí airgeadais ó CDAE, is iad sin ón mBeilg (maidhmeanna tuile), ón nGearmáin (maidhmeanna tuile), dhá cheann ón nGréig (crith talún na Cróite agus crith talún Shamas), ón Spáinn (brúchtadh bolcánach), ón gCróit (crith talún), ón gCipir (dóiteáin foraoise), ó Lucsamburg (maidhmeanna tuile), ón Ísiltír (maidhmeanna tuile) agus ón Ostair (maidhmeanna tuile). Bhain ceithre iarratas le ‘mórthubaistí nádúrtha’, bhain trí cinn le ‘tubaistí nádúrtha réigiúnacha’ agus bhain trí cinn le ‘tubaistí nádúrtha i dtír chomharsanach’.

Níor chomhlíon iarratas na Cipire ar thriomach agus ar fhalscaithe i mí an Mheithimh 2021 na critéir incháilitheachta le haghaidh chúnamh CDAE agus dá bhrí sin níor glacadh leis.

D’iarr an Spáinn, an Chróit agus an Ghréig (sa dá iarratas) réamhíocaíochtaí. Laistigh de chúpla seachtain tar éis dó na hiarratais a fháil, dheonaigh an Coimisiún na réamhíocaíochtaí uile agus d’íoc sé thart ar EUR 47,8 milliún san iomlán.

Glacadh an cinneadh cur chun feidhme maidir le cás crith talún Shamas na Gréige i mí an Mheithimh 2021. Glacadh an cinneadh cur chun feidhme maidir le crith talún Petrinja na Cróite i mí na Nollag 2021. Glacadh na cinntí cur chun feidhme maidir leis na seacht n-iarratas rathúla eile in 2021 (an Bheilg, an Ghearmáin, an Ghréig (an Chréit), an Spáinn, Lucsamburg, an Ísiltír agus an Ostair) i mí na Nollag 2022. Thairis sin, dhún an Coimisiún trí chás CDAE in 2021.

In **2022**, fuair an Coimisiún **dhá iarratas nua** ar ranníocaíochtaí airgeadais a bhain le tubaistí nádúrtha, is iad sin ón Iodáil (tuilte) agus ón Rómáin (triomach). Bhain an t-iarratas ón Rómáin le ‘mórthubaiste nádúrtha’, agus ba ‘thubaiste nádúrtha réigiúnach’ é an ceann ón Iodáil. Glacadh na cinntí cur chun feidhme comhfhreagracha i mí na Nollag 2023. Thairis sin, dhún an Coimisiún trí chás CDAE in 2022.

Liostaítear in Iarscríbhinn I na tairseacha damáiste do ‘mhórthubaiste’ is infheidhme in 2021 agus 2022 maidir le CDAE a shlógadh. Tugtar forléargas in Iarscríbhinn II ar na hiarratais a formheasadh in 2021 agus 2022, lena n-áirítear an fhaisnéis airgeadais ábhartha.

[1] Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (IO L 311, 14.11.2002, lch. 3) arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 661/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 (IO L 189, 27.6.2014, lch. 143) agus le Rialachán (AE) 2020/461 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Márta 2020 (IO L 99, 31.3.2020, lch. 9).

IARRATAIS A FUARTHAS IN 2021 AGUS 2022

- ***IN 2021***

Fuair an Coimisiún 10 n-iarratas nua ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE in 2021. Shroich siad uile an Coimisiún laistigh den sprioc-am dlíthiúil 'tráth nach déanaí ná 12 sheachtain tar éis an chéad tarlú damáiste' (Airteagal 4(1) den Rialachán). Diúltaíodh iarratas amháin, áfach, toisc nár chomhlíon an Chipir na critéir incháilitheachta le haghaidh chúnamh CDAE mar gheall nár comhlíonadh an tairseach ábhartha le méid na ndamáistí díreacha a tharla de dheasca na tubaiste. Bhain ceithre iarratas le 'mórthubaistí', bhain trí cinn le 'tubaistí réigiúnacha' agus bhí trí cinn acu bunaithe ar na forálacha maidir le 'tubaistí i dtír chomharsanach'.

Ghlac an Coimisiún na cinntí cur chun feidhme lenar dámhadh ranníocaíocht airgeadais ó CDAE le haghaidh crith talún na Gréige (Samas) an 14 Meitheamh 2021, agus le haghaidh crith talún na Cróite an 23 Meitheamh 2021. Thairis sin, i mí na Nollag 2022, ghlac sé na cinntí cur chun feidhme lenar dámhadh ranníocaíochtaí airgeadais ó CDAE le haghaidh na seacht n-iarratas rathúla (an Bheilg, an Ghearmáin, an Ghréig (an Chréit), an Spáinn, Lucsamburg, an Ísiltír agus an Ostair) a próiseáladh le chéile in aon phacáiste amháin.

AN GHRÉIG — CRITH TALÚN SHAMAS

I mí Dheireadh Fómhair 2020, tharla crith talún ar mhéid Mw 6,9[2] sa Ghréig ar na hoileáin Aeigéacha Thuaidh, mar atá Samas, Ikaria agus Chios. Scuab an súnámaí trasna limistéir éagsúla sa chuid thuaidh de Shamas. Cailleadh roinnt daoine agus rinneadh damáiste do bhreis agus 300 foirgneamh poiblí agus príobháideach. Bhí fadhbanna tithíochta ag thart ar 2 000-3 000 duine mar gheall ar an tubaiste.

An 22 Eanáir 2021, chuir an Ghréig iarratas isteach ar ranníocaíocht ó CDAE chun oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh a mhaoiniú tar éis an chreatha talún. Chuir an Ghréig a hiarratas i láthair maidir le tubaiste réigiúnach a dhéanann difear do réigiún amháin ar leibhéal NUTS[3] 2 (Voreio Aigaio/EL41) agus mheas sí gur EUR 101 252 020 costas iomlán an damáiste dhírigh. D'iarr an Ghréig go n-íocfaí réamhíocaíocht ina hiarratas.

Dhámh an Coimisiún réamhíocaíocht EUR 253 131 ar an nGréig le Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2021) 1623 an 8 Márta 2021, agus d'íoc sé an méid sin an 26 Márta 2021.

Tar éis an togra ón gCoimisiún COM(2021) 201 an 24 Márta 2021, d'fhormheas an t-údarás buiséadach íocaíocht EUR 2 531 301 ó CDAE leis an nGréig an 20 Bealtaine 2021. An 14 Meitheamh 2021, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2021) 4439 lenar dámhadh ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Ina dhiaidh sin, íocadh an t-iarmhéid EUR 2 278 170 an 5 Iúil 2021.

AN CHRÓIT — CRITH TALÚN PETRINJA

Tharla dhá shraith creathanna talún tubaisteacha sa Chróit. Bhuail an chéad cheann cathair Shágraib agus a timpeallacht i mí an Mhárta 2020. Bhuail an dara ceann cathair Petrinja den chuid is mó agus limistéar Chontae Sisak-Moslavina ó mhí na Nollag 2020 go dtí mí Eanáir 2021. B'ionann an damáiste iomlán measta a rinneadh don dá shraith creathanna talún agus níos mó ná EUR 17 mbilliún. Bhí cúrsaí drámatúil, mar go ndearnadh damáiste do thart ar

[2] Céimeanna méide nóiméad de réir Institiúid Gheodinimiciúil na Gréige agus na hInstitiúide Eora-Mheánmhara

[3] Aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh.

26 000 foirgneamh sna tubaistí. Sheol tíortha comharsanacha, amhail an Iodáil, an Ungáir, an Ostair agus an tSlóivéin, trealamh éigeandála go tapa chuig na limistéir a bhí buailte. Scrios na creathanna talún cuid mhór den bhonneagar agus d'fhág siad go leor daoine gan dídean. De réir rialtas na Cróite, b'fhiú EUR 5,5 billiún an damáiste díreach a rinne crith talún Petrinja. Cháiligh iarratas na Cróite an 10 Meitheamh 2020, inar iarradh réamhíocaíocht a íoc, mar mhórthubaiste.

Dhámh an Coimisiún réamhíocaíocht EUR 41 325 507 ar an gCróit le Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2021) 4648 an 23 Meitheamh 2021, agus d'íoc sé an méid i mí Lúnasa 2021.

Tar éis an togra ón gCoimisiún COM(2021) 963 an 29 Deireadh Fómhair 2021, d'fhormheas an t-údarás buiséadach íocaíocht EUR 319 192 359 ó CDAE leis an gCróit. An 22 Nollaig 2021, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2021) 9816 lenar dámhadh ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Íocadh an t-iarmhéid EUR 277 866 852 i mí na Nollag 2021.

AN BHEILG, AN GHEARMÁIN, LUCSAMBURG, AN ÍSILTÍR AGUS AN OSTAIR (MAIDHM TUILTE); AN GHRÉIG (CRITH TALÚN); AN SPÁINN (BRÚCHTADH BOLCÁNACH)

- Tuilte in iarthar na hEorpa:

  Le linn shamhradh 2021, bhuail tuilte marfacha an Bheilg, an Ghearmáin, Lucsamburg, an Ísiltír agus an Ostair, agus bhí iarmhairtí tubaisteacha acu. Teagmhais adhaimsire ba chúis leis na tuilte. Cailleadh 243 dhuine ar a laghad agus b'éigean na mílte a aslonnú óna dteach. Rinneadh damáiste tromchúiseach don bhonneagar áitiúil, agus bhain caillteanas mór airgeadais do thionscal na turasóireachta freisin, toisc gur tháinig na tuilte i lár an tséasúir turasóireachta.

- Brúchtadh bolcánach sa Spáinn:

  I mí Mheán Fómhair 2021, tharla brúchtadh bolcánach ar oileán La Palma tar éis dianghníomhaíocht sheismeach a taifeadadh seachtain roimhe sin, le dhá shruth laibhe ag dul síos i dtreo na farraige. Chlúdaigh an laibhe breis agus 1 000 heicteár agus scriosadh níos mó ná 3 000 foirgneamh agus roinnt bailte in aice láimhe. Bhí tionchar ag an mbrúchtadh ar thart ar 7 000 duine áitiúil. B'éigean iad a aslonnú agus trealamh sábháilteachta a sholáthar dóibh chun iad a chosaint ar na gáis dhíobhálacha a scaoil an bolcán le linn an bhrúchta.

  B'ionann an damáiste agus os cionn EUR 1 bhilliún de réir rialtas na nOileán Canárach. Chuir rialtas na Spáinne iarratas isteach ar ranníocaíocht ó CDAE i mí na Nollag 2021.

- Crith talún sa Ghréig:

  I mí Mheán Fómhair 2021, bhuail crith talún tubaisteach oileán na Créite sa Ghréig. Cailleadh fear amháin nuair a thit teampall, agus gortaíodh 36 dhuine. Rinneadh damáiste do bhreis agus 5 000 foirgneamh ar an oileán nó d'éirigh siad neamhshábháilte lena n-úsáid. Meastar gurb é seo an crith talún is láidre sa Ghréig ó thús na 1900idí. Bhí na mílte tithe do-áitrithe agus na mílte foirgneamh poiblí mí-oiriúnach don chuspóir a bhí acu tar éis na tubaiste.

  Rinne an Ghréig iarratas ar thacaíocht CDAE i mí na Nollag 2021. De réir údaráis na Gréige, ba é EUR 143 420 124 méid iomlán na ndamáistí, agus dá bhrí sin cháiligh an tubaiste mar 'thubaiste nádúrtha réigiúnach'.

Measúnú agus maoiniú:

Go luath i mí Dheireadh Fómhair 2021, fuair an Coimisiún iarratais ó chúig Bhallstát ar ranníocaíochtaí ó CDAE i ndáil leis na tuilte i mí Iúil 2021, agus dhá iarratas ón Spáinn (brúchtadh bolcánach) agus ón nGréig (crith talún). Chun cóir chomhionann a ráthú, láimhseáil an Coimisiún na hiarratais sin mar phacáiste aonair. Tar éis an iarratais bhunaidh, thug roinnt Ballstát a measúnuithe damáiste cothrom le dáta i mí Iúil 2022.

D'iarr an Spáinn agus an Ghréig réamhíocaíocht, agus bhí an damáiste iomlán a tuairiscíodh sna seacht dtír a ndearnadh difear dóibh os cionn EUR 36 bhilliún. Chuir an Coimisiún bailchríoch ar a mheasúnú i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus chuir sé a thogra COM(2022) 665 an 14 Deireadh Fómhair 2022 faoi bhráid an údaráis bhuiséadaigh. Ríomhadh an méid cabhrach féideartha do na seacht n-iarratas CDAE (BE, DE, EL, ES, LU, NL agus AT) ag EUR 1,9 billiún san iomlán. Ós rud é gur mhó i bhfad an méid sin ná na hacmhainní buiséadacha a bhí ar fáil, laghdaíodh na méideanna cabhrach in aghaidh na tíre ar bhonn *pro rata*. Cuireadh caolchorrlach 62,3 % i bhfeidhm toisc gurbh é EUR 718,5 milliún an leithdháileadh iomlán a bhí ar fáil do CDAE in 2022, arb ionann é agus 37,7 % den mhéid ba cheart a bheith íoctha.

Miondealú mionsonraithe ar an damáiste a bhain do na seacht mBallstát agus a dtacaíocht CDAE:

- **AN GHEARMÁIN**
  B'ionann an damáiste iomlán a rinne na tuilte agus beagnach EUR 30 billiún, agus meastar, dá bhrí sin, gur 'mórthubaiste nádúrtha' é. Is é an tairseach le haghaidh 'mórthubaistí nádúrtha' nuair a mheastar go bhfuil an damáiste díreach os cionn EUR 3 bhilliún ag praghsanna 2011 nó os cionn 0,6 % d'ollioncam náisiúnta tíre, cibé acu is ísle[4]. Tar éis ghlacadh Chinneadh Cur Chun Feidhme C (2023) 1824 an 14 Márta 2023, d'íoc an Coimisiún EUR 612 611 256 leis an nGearmáin an 11 Aibreán 2023.

- **AN BHEILG**
  Meastar freisin gur fhulaing an Bheilg 'mórthubaiste nádúrtha', ós rud é gurbh é EUR 5,6 billiún an damáiste díreach iomlán, atá i bhfad os cionn na tairsí ábhartha tubaiste. Tar éis ghlacadh Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 1556 an 1 Márta 2023, d'íoc an Coimisiún EUR 87 737 427 leis an mBeilg an 27 Márta 2023.

- **AN ÍSILTÍR**
  Rinneadh damáiste iomlán EUR 500 milliún don Ísiltír. Cháiligh a hiarratas mar iarratas a bhain le 'tubaiste nádúrtha i dtír chomharsanach', ós rud é gur cháiligh na hiarratais ar an teagmhas tubaiste céanna ó na tíortha comharsanacha, an Ghearmáin agus an Bheilg, mar iarratais a bhain le 'mórthubaistí nádúrtha'. Tar éis ghlacadh Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 9864 an 16 Nollaig 2022, d'íoc an Coimisiún EUR 4 713 027 leis an Ísiltír an 28 Nollaig 2022.

- **AN OSTAIR**
  Cáilíodh iarratas na hOstaire freisin mar iarratas a bhain le 'tubaiste nádúrtha i dtír chomharsanach', ós rud é gur cháiligh an t-iarratas ar an teagmhas tubaiste céanna ón tír

[4] Rialachán (AE) Uimh. 661/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (IO L 189, 27.6.2014, lch. 143).

chomharsanach, an Ghearmáin, mar iarratas a bhain le ‘mórthubaiste nádúrtha’. B’ionann na damáistí iomlána agus EUR 84,6 milliún. Ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2022)9904 an 19 Nollaig 2022 agus d’íoc sé EUR 797 520 leis an Ostair an 27 Nollaig 2022.

- **LUCSAMBURG**

  Cáilíodh iarratas Lucsamburg freisin mar iarratas a bhain le ‘tubaiste nádúrtha i dtír chomharsanach’, ós rud é gur cháiligh na hiarratais ar an teagmhas tubaiste céanna ó na tíortha comharsanacha, an Ghearmáin agus an Bheilg, mar iarratais a bhain le ‘mórthubaistí nádúrtha’. B’ionann na damáistí iomlána agus EUR 193,3 milliún. Ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2022) 9875 an 16 Nollaig 2022, agus d’íoc sé EUR 1 822 056 an 27 Nollaig 2022.

- **AN SPÁINN – BRÚCHTADH BOLCÁNACH**

  Cáilíodh iarratas na Spáinne mar iarratas a bhain le 'tubaiste nádúrtha réigiúnach'. An 21 Márta 2022, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2022) 1802 lenar dámhadh réamhíocaíocht EUR 5 391 796 chun cuidiú leis na hoibríochtaí éigeandála agus téarnaimh tar éis na tubaiste. Rinneadh an réamhíocaíocht an 2 Bealtaine 2022.

  An 19 Nollaig 2022, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2022) 9899 lenar dámhadh ranníocaíocht airgeadais EUR 9 449 589 ó CDAE ar an Spáinn. Íocadh an t-iarmhéid EUR 4 057 793 an 27 Nollaig 2022.

- **AN GHRÉIG – CRITH TALÚN**

  Cáilíodh iarratas na Gréige mar iarratas a bhain le 'tubaiste nádúrtha réigiúnach'. An 26 Aibreán 2022, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2022) 2599 lenar dámhadh réamhíocaíocht EUR 896 375, a íocadh leis an nGréig an 19 Bealtaine 2022.

  Cuireadh togra COM(2022) 665 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2022 faoi bhráid an údaráis bhuiséadaigh, a d'fhormheas é i mí na Nollag 2022. Ar an gcaoi chéanna leis na sé iarratas thuasluaite, b'éigean an méid cabhrach beartaithe a dámhadh ar an nGréig a laghdú ar bhonn *pro rata*. An 19 Nollaig 2022, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2022) 9865 lenar dámhadh ranníocaíocht airgeadais ó CDAE ar an nGréig. Íocadh an t-iarmhéid EUR 455 511 an 27 Nollaig 2022.

- ***IN 2022***

  AN RÓMÁIN – TRIOMACH

  Idir mí an Mhárta agus mí Lúnasa 2022, bhí triomach tromchúiseach forleathan sa Rómáin. I gcomparáid le himeachtaí comhchosúla roimhe seo, sheas an ceann seo amach mar gheall ar a dhéine agus ar an limistéar a ndearnadh difear dó. Bhí tionchar diúltach ag an triomach agus ag an dá thonn teasa as a chéile ar earnáil na talmhaíochta (barra, go sonrach).

  Chuir an Rómáin iarratas isteach ar ranníocaíocht ó CDAE i mí Mheán Fómhair 2022. De réir údaráis na Rómáine, ba é EUR 1,3 billiún an damáiste díreach iomlán a dearbhaíodh. Níor iarr an Rómáin réamhíocaíocht.

  Tar éis thogra COM(2023) 381 ón gCoimisiún an 23 Lúnasa 2023, d'fhormheas an t-údarás buiséadach íocaíocht EUR 33 895 935 ó CDAE leis an Rómáin. An 30 Samhain 2023, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2023) 8477 lenar dámhadh ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Rinneadh an íocaíocht an 14 Nollaig 2023.

  AN IODÁIL - TUILTE

  I mí Mheán Fómhair 2022, bhí báisteach throm ina cúis le dobharthuilte tubaisteacha agus maidhmeanna tuile i réigiún Marche na hIodáile, rud a d'fhág gur scriosadh nó go ndearnadh damáiste don bhonneagar, chomh maith le foirgnimh agus earraí poiblí agus príobháideacha. Bhí iarmhairtí drámatúla ag an imeacht (cailleadh 12 dhuine agus chuaigh duine amháin ar iarraidh) agus bhí caillteanais eacnamaíocha thromchúiseacha ann dá bharr.

  Rinne an Iodáil iarratas ar thacaíocht CDAE i mí na Nollag 2022, ach níor iarr sí réamhíocaíocht. Beagnach EUR 670 milliún a bhí sna damáistí díreacha iomlána.

Tar éis thogra COM(2023) 381 ón gCoimisiún an 23 Lúnasa 2023, d'fhormheas an t-údarás buiséadach íocaíocht EUR 20 939 095 ó CDAE leis an Iodáil. An 5 Nollaig 2023, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2023) 8598 lenar dámhadh ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Rinneadh an íocaíocht an 14 Nollaig 2023.

MAOINIÚ

Ríomhadh méideanna aonair an chúnaimh a mhol an Coimisiún trí úsáid a bhaint as an modh a cinneadh in 2002 agus a cuireadh i bhfeidhm i ngach cás ina dhiaidh sin. Tá sé bunaithe ar an damáiste díreach iomlán ar glacadh leis a rinne an tubaiste i ndáil le saibhreas coibhneasta an stáit atá buailte mar a léirítear leis an tairseach le haghaidh mórthubaiste (féach Iarscríbhinn I).

Dá réir sin, i gcás 'mórthubaistí nádúrtha', cuirtear córas forchéimnitheach dhá chéim i bhfeidhm trína bhfaigheann an tír ráta cabhrach níos ísle, is é sin 2,5 % den damáiste díreach iomlán i gcás an chuid sin den damáiste atá faoi bhun na tairsí agus ráta cabhrach níos airde, is é sin 6 % i gcás an chuid den damáiste a sháraíonn an tairseach. Suimítear an dá shuim. Faigheann 'tubaistí nádúrtha réigiúnacha' agus 'tubaistí nádúrtha i dtír chomharsanach' 2,5 % den damáiste díreach iomlán.

A luaithe a bhí an slógadh formheasta ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle agus na leithreasuithe buiséid is gá curtha ar fáil acu i mbuiséad an Aontais, ghlac an Coimisiún cinntí cur chun feidhme lenar dámhadh an cúnamh ar na tíortha aonair agus d'íoc sé an méid iomlán ina dhiaidh sin. Sna cásanna sin inar dámhadh réamhíocaíocht, níor íocadh ach iarmhéid na ranníocaíochta iomláine.

Áiríodh in iarscríbhinní na gcinntí cur chun feidhme tuairisc chineálach ar úsáid bheartaithe an airgid, liostaíodh na húdaráis arna n-ainmniú ag na Stáit is tairbhithe chun ranníocaíocht CDAE a phróiseáil agus ainmníodh an t-údarás neamhspleách atá freagrach as iniúchadh agus rialú.

Tá táblaí airgeadais mionsonraithe le fáil in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, mar an t-údarás buiséadach, 30 ranníocaíocht airgeadais ó CDAE mar a mhol an Coimisiún. Thíolaic an Coimisiún a thogra maidir le CDAE a shlógadh sna grúpaí seo a leanas:

- 2021

- An 24 Márta 2021, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le CDAE[5] a shlógadh le haghaidh EUR 484 199 841 chun cúnamh a thabhairt don Ghréig agus don Fhrainc tar éis tubaistí nádúrtha réigiúnacha a tharla sna tíortha sin le linn 2020, agus do 20 Ballstát agus tír aontachais (an Albáin, an Ostair, an Bheilg, an Chróit, an tSeicia, an Eastóin, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Montainéagró, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeirbia, an Spáinn) mar fhreagairt ar an mór-éigeandáil sláinte poiblí a tharla mar thoradh ar phaindéim COVID-19 go luath in 2020. Bhí Dréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 2/2021[6] ag gabháil leis an togra slógaidh sin inar moladh EUR 47 981 598 a thabhairt anonn go díreach ó leithdháileadh

[5] COM(2021) 201 final
[6] COM(2021) 200 final.

2020 nár úsáideadh chuig líne bhuiséid oibríochtúil CDAE agus DEC[7] Uimh. 03/2021 lena moltar méid EUR 427 543 750 a aistriú ó líne chúlchiste an Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála chuig líne bhuiséid oibríochtúil CDAE, i ngealltanais agus in íocaíochtaí araon.

Ghlac an t-údarás buiséadach an togra maidir le slógadh an 20 Bealtaine 2021[8] chun (i) EUR 86 744 920 mar chúnamh a bhronnadh ó CDAE ar an nGréig agus ar an bhFrainc i ndáil le tubaistí nádúrtha; agus (ii) cúnamh EUR 529 347 741 a bhronnadh ar 20 Ballstát agus tír is iarrthóirí mar fhreagairt ar an mór-éigeandáil sláinte poiblí a tharla mar thoradh ar phaindéim COVID-19.

- An 29 Deireadh Fómhair 2021, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le CDAE[9] a shlógadh chun cúnamh a thabhairt don Chróit i ndáil leis an tsraith creathanna talún ón 28 Nollaig 2020 ar aghaidh. Bhí DEC Uimh. 28/2021 comhfhreagrach ag gabháil leis an togra maidir le slógadh inar moladh EUR 277 866 852 a aistriú ó líne chúlchiste an Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála chuig líne bhuiséid oibríochtúil CDAE, i ngealltanais agus in íocaíochtaí araon. Chumhdaigh an togra slógtha an méid iomlán ba ghá a shlógadh, agus chuir DEC an réamhíocaíocht a íocadh cheana san áireamh agus moladh an méid atá fágtha de EUR 277,9 milliún a aistriú.

  Ghlac an t-údarás buiséadach an togra slógaidh an 15 Nollaig 2021[10] lenar dámhadh EUR 319,2 milliún de thacaíocht CDAE ar an gCróit tar éis na sraithe tubaisteacha creathanna talún a bhuail Contaetha Sisak-Moslavina, Karlovac agus Shágraib i mí na Nollag 2020 agus i mí Eanáir 2021.

➢ 2022

- An 14 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le CDAE[11] a shlógadh chun cúnamh a thabhairt don Ghearmáin, don Bheilg, don Ísiltír, don Ostair, do Lucsamburg, don Spáinn agus don Ghréig tar éis tubaistí nádúrtha a tharla sna tíortha sin le linn 2021. Bhí DEC Uimh. 20/2022 ag gabháil leis an togra seo maidir le slógadh inar moladh EUR 668 482 761 a aistriú ó líne chúlchiste an Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála chuig líne bhuiséid oibríochtúil CDAE, i ngealltanais agus in íocaíochtaí araon.

[7] Iarraidh ar aistriú leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí faoi Airteagal 31 den Rialachán Airgeadais.

[8] Cinneadh (AE) 2021/885 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun cúnamh a thabhairt don Ghréig agus don Fhrainc i ndáil le tubaistí nádúrtha agus don Albáin, don Bheilg, don Chróit, don Eastóin, d'Éirinn, don Fhrainc, don Ghearmáin, don Ghréig, don Iodáil, don Laitvia, don Liotuáin, do Lucsamburg, do Mhontainéagró, don Ostair, don Phortaingéil, don Rómáin, don tSeicia, don tSeirbia, don Spáinn, agus don Ungáir i ndáil le héigeandáil sláinte poiblí (IO L 194, 2.6.2021, lch. 40).

[9] COM(2021) 963 final.

[10] Cinneadh (AE) 2022/49 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun cúnamh a thabhairt don Chróit i ndáil leis an tsraith creathanna talún a tharla ón 28 Nollaig 2020 amach (IO L 9, 14.1.2022, lch. 37).

[11] COM(2022) 665 final.

- Ghlac an t-údarás buiséadach an togra maidir le slógadh an 14 Nollaig 2022[12] lenar dámhadh EUR 718 482 761 de chúnamh CDAE ar an méid seo a leanas: (i) An Bheilg, an Ghearmáin, Lucsamburg, an Ísiltír agus an Ostair maidir leis na tuilte i mí Iúil 2021; (ii) an Spáinn maidir leis an mbrúchtadh bolcánach ar oileán La Palma an 19 Meán Fómhair 2021; agus (iii) an Ghréig maidir leis an gcrith talún sa Chréit an 27 Meán Fómhair 2021. Bhí réamhíocaíochtaí EUR 5 391 796 agus EUR 896 375 íoctha cheana féin i mí an Mhárta 2022 don Spáinn agus i mí Aibreáin 2022 don Ghréig, faoi seach. Tar éis ghlacadh an chinnidh cur chun feidhme ón gCoimisiún lenar dámhadh an cúnamh, íocadh an t-iarmhéid EUR 18 134 078 an 27 agus an 28 Nollaig 2022 leis an nGréig, leis an Spáinn, le Lucsamburg, leis an Ísiltír agus leis an Ostair. Fuair an Bheilg agus an Ghearmáin a dtacaíocht CDAE dar luach EUR 612 611 256 agus EUR 87 737 427, faoi seach, in 2023.

DÚNTÁIN

Leagtar síos le hAirteagal 8(3) den Rialachán nach mór don Stát is tairbhí, laistigh de 24 mí ó dháta eisíocaíochta na ranníocaíochta airgeadais, tuarascáil a chur i láthair maidir leis an bhforghníomhú airgeadais (‘tuarascáil ar chur chun feidhme’) ina mbeidh ráiteas lena dtugtar bunús leis an gcaiteachas (‘ráiteas bailíochta’).

Dhún an Coimisiún trí chás CDAE in 2021 agus trí chás in 2022.

- ***DÚNTÁIN 2021***

An Ungáir, tuilte in 2010: EUR 22 485 772 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir an Ungáir an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach i mí na Bealtaine 2013. Tar éis soiléiriú a dhéanamh ar roinnt saincheisteanna a bhaineann leis an ráiteas bailíochta, dúnadh an comhad gan aon cheartuithe airgeadais i mí Eanáir 2021.

An Iodáil, tuilte oighir agus sciorrthaí talún in 2013: EUR 16 310 467 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir údaráis na hIodáile an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach i mí Aibreáin 2017. Thuairiscigh an Iodáil EUR 17 046 958,22 i gcaiteachas incháilithe, a bhí níos airde ná ranníocaíocht CDAE de EUR 16 310 467. Glacadh leis an ráiteas bailíochta, agus dúnadh an comhad i mí an Mhárta 2021.

An Bhulgáir, diandálaí geimhridh 2015: EUR 6 377 815 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir an Bhulgáir an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach i mí na Samhna 2017. Ar bhonn na faisnéise a chuir an Bhulgáir ar fáil, EUR 6 140 983,69 a bhí sa chaiteachas incháilithe faoi CDAE, méid a bhí EUR 236 839,16 níos ísle ná an méid a fuarthas. Sa tuarascáil cur chun feidhme, thuairiscigh údaráis na Bulgáire gur fhan EUR 7,85 in ús sa chuntas ag deireadh na tréimhse cur chun feidhme agus nach bhféadfaí é a chaitheamh ar oibríochtaí incháilithe. Chinn an Coimisiún gur ghá ceartú airgeadais EUR 236 839,16 a chur i bhfeidhm agus chuir sé é sin in iúl don Bhulgáir i mí Mheán Fómhair 2019. Ina bhfreagra i mí Eanáir 2020, thuairiscigh údaráis na Bulgáire ús breise nár

[12] Cinneadh (AE) 2023/68 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun cúnamh a thabhairt don Ghearmáin, don Bheilg, don Ísiltír, don Ostair, do Lucsamburg, don Spáinn agus don Ghréig mar thoradh ar thubaistí nádúrtha a tharla sna tíortha sin le linn 2021 (IO L 7, 10.1.2023, lch. 25).

caitheadh de EUR 690,23 a bhí le cur leis an méid atá le haisghabháil. I mí Feabhra 2020, fuair an Coimisiún méid iomlán EUR 237 529,39, agus dúnadh an comhad i mí Eanáir 2021.

- ***DÚNTÁIN 2022***

An Chróit, tuilte in 2014: EUR 8 616 263 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir an Chróit an tuarascáil cur chun feidhme isteach i mí Aibreáin 2017. Bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir an Chróit ar fáil agus ar na torthaí, ba é EUR 11 736 261,85 an caiteachas incháilithe faoi CDAE, méid a sháraigh ranníocaíocht airgeadais CDAE le EUR 3 119 998,85. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nár ghá aon cheartú airgeadais a chur i bhfeidhm, agus dúnadh an comhad i mí na Bealtaine 2022.

An tSeirbia, tuilte in 2014: EUR 60 224 605 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir an tSeirbia an tuarascáil cur chun feidhme isteach i mí na Bealtaine 2017. Tar éis anailís iniúchóireachta a dhéanamh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár ghá aon cheartú airgeadais a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, dúnadh an comhad i mí an Mhárta 2022.

An Phortaingéil, dóiteáin in 2016: EUR 3 925 000 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir an Phortaingéil an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach i mí na Bealtaine 2019. Ar bhonn na faisnéise a chuir an Phortaingéil ar fáil, ba é EUR 4 037 711 an caiteachas incháilithe faoi CDAE, méid a sháraigh ranníocaíocht CDAE le EUR 112 711. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhféadfaí glacadh leis an ráiteas bailíochta, nach gá aon cheartú airgeadais a chur i bhfeidhm. Dúnadh an comhad i mí na Bealtaine 2022.

CONCLÚIDÍ

Léiríodh arís in 2021 agus 2022 go bhfeictear tubaistí nádúrtha, arb é an t-athrú aeráide is cúis leis an gcuid is mó díobh, níos minice san Eoraip agus ar fud an domhain, agus go bhfuil éifeachtaí tubaisteacha acu ar shaol an duine, ar an ngeilleagar agus ar éiceachórais. Cé go raibh tubaistí tuilte chun tosaigh in 2021, chuir brúchtadh bolcánach agus crith talún tubaisteach beatha daoine i mbaol freisin. Idir an dá linn, bhí sé an-tirim idir mí an Mhárta agus mí Mheán Fómhair 2022, as ar eascair triomach agus dóiteáin foraoise in go leor críoch Eorpach. De réir staidéar reatha a rinne an tAirmheán Comhpháirteach Taighde[13], bhí an teagmhas triomaigh sin níos déine agus níos fairsinge i dtéarmaí na limistéar a bhí buailte i gcomparáid le himeachtaí comhchosúla roimhe seo.

In 2021 agus 2022, chonacthas líon iarratas níos lú ná mar a bhí ann in 2020, ar bliain í a bhí ar cheann de na blianta ba dhúshlánaí agus ba dheacra do CDAE mar gheall ar a raon feidhme a leathnú chun móréigeandálaí sláinte a chumhdach. Bhí dhá thubaiste nádúrtha thar a bheith tubaisteach ann, áfach:

- Ba é an chéad cheann sraith creathanna talún sa Chróit i mí na Nollag 2020-Eanáir 2021, a bhuail cathair Petrinja agus limistéar Chontae Sisak-Moslavina den chuid is mó. D'íoc an Coimisiún EUR 319 192 359 san iomlán leis an gCróit as an téarnamh tar éis na tubaiste.

[13] An Coimisiún Eorpach, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, *Drought in Europe — August 2022*. Le fáil ag: https://edo.jrc.ec.europa.eu/documents/news/GDO-EDODroughtNews202208_Europe.pdf.

- Bhain an dara ceann leis na maidhmeanna tuile tromchúiseacha i mí Iúil 2021 i gcúig Bhallstát thiar (an Bheilg, an Ghearmáin, Lucsamburg, an Ísiltír agus an Ostair), a fuair cúnamh EUR 707,7 milliún ó CDAE.

Níos mó ná dhá oiread bhuiséad iomlán CDAE do 2021 de EUR 500 milliún ag praghsanna 2011 **a bhí sa dá thubaiste sin amháin**. Bhí an cás tuilte in iarthar na hEorpa uathúil go háirithe toisc go raibh costas iomlán an damáiste chomh hard sin nach bhféadfadh CDAE freastal ar na héilimh ar an mbuiséad agus, mar thoradh air sin, **b'éigean laghdú *pro rata* 62 % a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go gcaithfí go cothrom leis na Ballstáit a ndearnadh difear dóibh.**

Mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar líon agus ar scála na dtubaistí nádúrtha in 2020 agus 2021, chomh maith le cúnamh CDAE d'éigeandáil sláinte poiblí COVID-19, **cruthaíodh éileamh gan fasach agus brú suntasach buiséadach ar na hacmhainní teoranta a leithdháileadh ar CDAE** faoi Rialachán Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027.

I bhfianaise na dtubaistí a bhaineann leis an athrú aeráide atá ag dul i ndéine ar fud an Aontais, bhí **an méid a bhí ar fáil do CDAE in 2021 níos ísle i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta ná mar a bhí ar thionscnamh an Chiste in 2002.** Idir 2002 (nuair a cruthaíodh CDAE) agus 2013, bhí leithdháileadh bliantúil uasta EUR 1 billiún ag praghsanna reatha aige. In 2021, **den chéad uair ó bunaíodh CDAE, níor íocadh na méideanna cabhrach (arna ríomh trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht ar glacadh léi) ina n-iomláine** le haghaidh iarratais incháilithe a bhaineann le COVID-19 ó na 20 tír iarrthacha toisc gur mhó méid iomlán na cabhrach a ríomhadh le haghaidh na dtíortha sin uile ná na hacmhainní buiséid a bhí ar fáil. Dá thoradh sin, laghdaíodh an cabhair CDAE a bhaineann le COVID-19 ar bhonn *pro rata* do gach ceann de na 20 tír is tairbhithe, agus fuair a n-iarratas 47 % den chabhair fhéideartha iomlán a ríomhadh agus úsáid á baint as an modheolaíocht ar glacadh léi agus a cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach. Ina theannta sin, mar gheall ar an **éiginnteacht mhéadaithe maidir leis an leithdháileadh buiséadach atá ar fáil do CDAE laistigh d'imchlúdach an Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála**, cuireadh brú breise ar CDAE agus uaireanta cuireadh moill ar shlógadh an chúnaimh.

Go hachomair, léirítear le líon na n-iarratas agus leis na héilimh mhéadaithe ar CDAE le blianta beaga anuas go bhfuil éileamh ard ar a thacaíocht agus ar dhlúthpháirtíocht san Aontas, rud nach mór a léiriú i leithdháileadh níos airde do bhuiséad CDAE amach anseo.